AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

**Ciorclán Uimh. 0010/2013**

**Ciorclán chuig Údaráis Bhainstíochta na mBunscoileanna, na Scoileanna Speisialta, na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha agus chuig Príomhoifigigh Feidhmiúcháin na gCoistí Gairmoideachais.**

## Scéim deontas chun trealamh riachtanach teicneolaíochta cúnta a cheannach do dhaltaí atá faoi mhíchumas fisiceach nó cumarsáide.

Gabhann an Ciorclán seo áit Chiorclán M14/05 agus na gcoinníollacha agus na rialachán a ghabh leis maidir le húsáid agus ceannach trealaimh le haghaidh daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

**1. Cuspóir na scéime**

Is é cuspóir na scéime cabhair dheontais a sholáthar do scoileanna chun gur féidir leo an cineál trealaimh speisialtóra atá molta ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) a cheannach, trealamh a mheastar atá riachtanach do dhaltaí a bhfuil na diagnóisí seo acu:

míchumas tromchúiseach fisiceach
agus/nó míchumas céadfach nó cumarsáide ionas go bhfuil srian ábhartha lena gcumas cumarsáid a dhéanamh ó bhéal nó i scríbhinn.

(iii) cásanna ina bhfuil trealamh sa scoil cheana féin ach nach leor é chun riachtanais an dalta a chomhlíonadh gan teacht ar an trealamh sin a dhiúltú ar dhaltaí eile.

(iv) cásanna ina mbeadh sé dodhéanta ar na daltaí sin leas a bhaint as an gcuraclam gan trealamh dá shórt.

Beidh moladh an NCSE bunaithe ar thuarascálacha gairmiúla tionlacain, de réir mar is gá, agus faoi mar atá leagtha amach in Alt 4, ó ghairmithe ábhartha, ar nós síceolaithe oideachais, teiripeoirí ceirde, teiripeoirí urlabhra agus teanga, srl.

Ba cheart do thuarascálacha gairmiúla moladh a dhéanamh faoin tslí agus faoin uair a úsáidfear an trealamh molta.

**2. Forálacha faoin scéim**

Tá raon leathan tacaíochtaí teicneolaíochta agus bogearraí ar fáil i láthair na huaire chun cúnamh a sholáthar do dhaltaí scoile, tacaíochtaí a d'fhéadfadh cur le cumas acadúil daltaí, is é sin cabhrú leo foghlaim, obair bhaile a dhéanamh agus caighdeán níos airde a shroicheadh ina bhfeidhmíocht oideachais.

Tá riachtanais oideachais ar leith ag gach dalta agus dá réir sin admhaítear go bhféadfadh gach dalta leas a bhaint as tacaíocht nó trealamh teicneolaíochta, ar nós ríomhaire pearsanta, agus go bhféadfadh sé cur lena gcumas acadúil agus cabhrú leo caighdeán acadúil níos airde a shroicheadh.

An trealamh dá bhforáiltear faoin scéim seo, áfach, is trealamh speisialtóra é de chineál nach féidir le scoileanna a sholáthar dá ndaltaí de ghnáth ón gcistiú ginearálta, ná as cistiú a cuireadh ar fáil roimhe seo i bhfoirm sholáthair le haghaidh Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, nó trí ghnáth-acmhainní nó ghnáthchistí na scoile.

**Déanfar soláthar faoin scéim seo do na daltaí sin atá faoi mhíchumas fisiceach agus/nó cumarsáide chomh mór sin nach mbeidh ar an gcumas leas a bhaint as an gcuraclam scoile gan tacaíocht teicneolaíochta.**

**3. Cur chuige de réir a chéile**

1. Agus riachtanais daltaí maidir le teicneolaíocht chúnta á meas, ba cheart do scoileanna a chinntiú ar dtús báire go bhfuil gach idirghabháil ábhartha curtha i bhfeidhm, lena n-áirítear eochairscileanna a mhúineadh agus socruithe agus oiriúintí réasúnacha a bheith déanta.

2. I gcás ina bhfuil riachtanais speisialta oideachais ag dalta, agus go gcabhródh teicneolaíocht chúnta leo, nó trealamh atá ar fáil sa scoil cheana féin, is é an chéad chéim ná tacú leis an dalta leis an trealamh atá ar fáil sa scoil cheana féin.

3. Nuair is gá, féadfaidh scoileanna trealamh nó bogearraí nua nó breise a cheannach do dhaltaí as gnáth-acmhainní agus gnáthchistí na scoile.

4. Is iomaí dalta anois a bhfuil ríomhaire/táibléad pearsanta acu, nó fón cliste a bhfuil an acmhainneacht chéanna aige, a cheannaigh a dtuismitheoirí nó daoine eile dóibh. I gcás daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, nó riachtanais oideachais ar leith, agus a bhfuil ríomhaire pearsanta acu mar aon le bogearraí ábhartha oideachais nó pacáistí teicneolaíochta, a chabhródh leo ar scoil, ba cheart do scoileanna cead a thabhairt do na daltaí sin, faoi réir comhaontú agus maoirsiú, na gléasanna sin a úsáid ar scoil. Faoi scoileanna aonair a bheidh sé a fháil amach cé chomh hábhartha agus chomh cuí atá an trealamh nó na bogearraí oideachais, agus maoirsiú a dhéanamh ar an úsáid a bhainfear astu ar scoil, de réir bheartais na scoile maidir le trealamh leictreonach a úsáid ar scoil.

5. I gcás daltaí atá faoi mhíchumas níos casta agus a bhfuil trealamh speisialtóra riachtanach dóibh chun leas a bhaint as an gcuraclam scoile, trealamh nach bhfuil acu cheana féin, nó trealamh nach bhféadfaí a sholáthar dóibh le gnáthchistiú na scoile, féadfaidh scoileanna iarratas a dhéanamh ar threalamh dá shórt chuig an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta faoi théarmaí na scéime seo.

Ba cheart do scoileanna an úsáid a bhainfear as an trealamh ar scoil a leagan amach san iarratas.

**4. Na daltaí dá bhforáiltear faoin gCiorclán seo**

Déantar foráil sa chiorclán seo go sonrach do dhaltaí atá faoi mhíchumas fisiceach nó cumarsáide acu chomh mór sin go dteastaíonn trealamh breise speisialtóra aonair uathu le leas a bhaint as an gcuraclam scoile.

(A) Is iad seo a leanas na príomhchatagóirí míchumais nó riachtanais a ndéanfar teicneolaíocht chúnta a sholáthar lena n-aghaidh, faoi réir iarratas a bheith déanta ag scoil agus moladh dochtúra a bheith in éineacht leis:

Lagéisteacht
Lagradharc
Míchumas fisiceach
Míchumas ginearálta foghlama dian nó trom

(B) I gcásanna áirithe, ina bhfuil sé ráite i dtuairiscí míochaine agus/nó i dtuairiscí gairmiúla eile go bhfuil dalta faoi mhíchumas cumarsáide chomh mór sin nach mbeidh ar a chumas nó a cumas leas a bhaint as an gcuraclam scoile gan tacaíocht ó threalamh speisialtóra, féadfar trealamh a sholáthar do dhaltaí atá faoi na cineálacha míchumais seo a leanas.

Míchumas foghlama ginearálta meánach
Uathachas/neamhord ar speictream an uathachais
Sain-mhíchumas foghlama
Sain-neamhord urlabhra agus teanga
Míchumais iolracha

Níor cheart glacadh leis go mbeidh ríomhaire pearsanta ag teastáil ó gach dalta atá faoi mhíchumas cumarsáide nó faoi shain-mhíchumas foghlama, ná go gcáileodh siad do ríomhaire pearsanta faoi théarmaí na scéime seo. Ní chuirfear a leithéid de threalamh ar fáil ach amháin nuair a bhíonn sé ráite i dtuairisc dochtúra agus/nó i dtuairisc ghairmiúil eile go bhfuil dalta faoi mhíchumas cumarsáide chomh mór sin go bhfuil an trealamh seo ag teastáil le gur féidir leis an dalta sin leas a bhaint as an gcuraclam agus go mínítear an tslí a gcabhróidh an trealamh leis an dalta é sin a dhéanamh. Beidh ar scoileanna a thaispeáint gur thug siad faoi phróiseas le riachtanais a aithint, idirghabhálacha éagsúla a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear soláthar reatha na scoile i dtaca le teicneolaíocht faisnéise a úsáid.

Beidh ar scoileanna, leis, a rá gurb eol dóibh an úsáid a bhainfear as an trealamh molta sa seomra ranga agus na torthaí foghlama a mbeifear ag súil leo de thoradh an trealaimh seo a bheith in úsáid.

(C) Daltaí a bhfuil míchumas ginearálta foghlama éadrom nó teorannach acu, suaitheadh mothúchánach iompraíoch nó suaitheadh mothúchánach iompraíoch trom agus nach bhfuil faoi aon cheann de na cineálacha míchumais atá leagtha amach i gcatagóirí A agus B thuas, ní cháileoidh siad do thacaíocht ó theicneolaíocht chúnta faoin scéim seo agus ba cheart tacú leo as foráil ghinearálta na scoile.

(D) I gcásanna inar léir ó thuairiscí míochaine go bhfuil riocht dian míochaine ar dhalta, agus cosúlacht idir a éifeachtaí agus éifeachtaí cineálacha míchumais fisicigh nó míchumais iolraigh, ach ina bhfuil sé ráite ag gairmithe míochaine gur deacair diagnóis chríochnaitheach a dhéanamh i ngeall ar nádúr nó uathúlacht an riochta, féadfaidh an ROS ceadú eatramhach a thabhairt chun trealamh a cheannach i gcás mar sin, má tá sé molta ag an NCSE, ar feitheamh ar dhiagnóis iomlán.

**Grúp-iarratais**

Is é cuspóir na scéime seo cabhair deontais a sholáthar do scoileanna chun trealamh a cheannach a chomhlíonfadh riachtanais daltaí aonair ag cur san áireamh a riachtanais mheasúnaithe mhíochaine aonair. Ní hé beartas na Roinne Oideachais agus Scileanna cineálacha sainiúla trealaimh, ar nós ríomhairí pearsanta nó ipad, a sholáthar do gach dalta laistigh de chatagóir áirithe míchumais, nó do gach dalta i rang nó i scoil speisialta ar leith.

Ní bhreithneofar faoin scéim seo iarratais ar thacaíocht ó theicneolaíocht chúnta ar son grúpaí nó catagóirí daltaí, iarratais ina moltar trealamh a chur ar fáil do gach dalta i rang nó i gcatagóir ar leith (cibé an mbunaítear an t-iarratas ar mheasúnú aonair den ghrúpa, nó ar mheasúnú cineálach de gach dalta sa ghrúpa).

## 5. An cineál trealaimh a chuirfear ar fáil

Ag smaoineamh ar an raon leathan trealaimh atá ar fáil agus an teicneolaíocht chúnta a bheith á forbairt an t-am ar fad, ní bheadh sé indéanta gach cineál trealaimh nó bogearra a d'fhéadfaí a sholáthar faoin scéim seo a liostáil.

Seo a leanas samplaí de na cineálacha trealaimh a chuirtear ar fáil de ghnáth:

tacaíochtaí éisteolaíochta le haghaidh leanaí ar lagéisteacht .i. córais raidió FM, córais Soundfield, áiseanna éisteachta agus tacaíochtaí éisteachta don seomra ranga;
Trealamh chun cabhrú le leanaí ar lagéisteacht lena n-áirítear trealamh Braille/méarchláir Braille / trealamh CCTV le ceamara faid, trealamh ríomhaire chun téacsanna a léamh ar shlí níos fusa, leabharlann ar líne agus clostrealamh le haghaidh closleabhar;
Le haghaidh daltaí atá faoi mhíchumas trom fisiceach nó cumarsáide: ríomhairí glúine/táibléid a bhfuil bogearraí mionathraithe ag gabháil leo, luamháin stiúrtha, méarchláir, ceapa tadhaill i gcás ina bhfuil sé áitithe gur gá an trealamh le go mbeidh ar chumas an dalta leas a bhaint as an gcuraclam.

Ní fhoráiltear don trealamh seo a leanas faoin scéim seo:

1. Teileafóin/fóin chliste/iphone/ipod/teilifíseáin, troscán agus feisteas, teilifíseáin scáileán plasma, táillí as rochtain ar an Idirlíon nó as nasc teileafóin.

2. Ní fhoráiltear faoin scéim seo ach oiread le haghaidh gléasanna cumarsáide ná gléasanna míochaine ná gléasanna teiripe nach idirghabhálacha sainiúla oideachais iad nó trealamh a theastaíonn go sonrach chun

leas a bhaint as an gcuraclam, gléasanna a bhfuil feidhmeanna ginearálta acu lasmuigh den scoil, trealamh a chuireann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ar fáil de ghnáth do leanaí faoi mhíchumas agus a bhforáiltear dóibh faoi scéim Áiseanna agus Gléasanna an FSS.

**6. Trealamh Cineálach**

I gcás ina ndéantar trealamh nó bogearraí faoi bhranda a mholadh nó a shonrú i dtuairisc ghairmiúil, faoi lánrogha an Roinn Oideachais agus Scileanna a bheidh sé cistiú a leithdháileadh le haghaidh trealaimh nó bogearraí malartacha coibhéiseacha agus ní gá dóibh moladh le haghaidh pacáiste nó branda áirithe trealaimh a chomhlíonadh.

**7. Iarratais ar threalamh**

Caithfidh údaráis bhainistíochta scoile iarratais ar threalamh speisialta a dhéanamh ar an tslí seo a leanas:

1. Maidir le leanaí ar lagradharc nó ar lagéisteacht, ba cheart iarratais ar threalamh a dhéanamh chuig an tSeirbhís Múinteoirí Cuartaíochta le haghaidh Leanaí a bhfuil Lagú Céadfach orthu. Gheofar sonraí teagmhála na Seirbhíse Múinteora Cuartaíochta ag www.education.ie/en/Parents/Services/Visiting-Teacher-Service

Déanfaidh an tSeirbhís Múinteora Cuartaíochta an t-iarratas a mheas agus comhairle a chur ar an Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachais (SENO) i dtaobh an trealaimh is coitianta a úsáidtear m.sh. teicneolaíocht, prionta mór, téipeanna, Braille, trealamh éisteachta. Cuirfidh an SENO moltaí an Mhúinteora Cuartaíochta san áireamh agus moltaí ar threalamh do dhaltaí dá sórt á mbreithniú agus déanfar moladh don Roinn maidir le trealamh.

2. Ba cheart gach iarratas eile ar thacaíocht a dhéanamh chuig SENO na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta atá freagrach as an scoil. Gheofar foirmeacha iarratais ag www.ncse.ie.

**8. Measúnachtaí gairmiúla agus na doiciméid a bheidh ag teastáil**

Caithfear doiciméid tacaíochta a chur ar aghaidh chuig an SENO in éineacht leis an iarratas. Ba cheart measúnacht chuimsitheach agus gairmiúil a rinneadh le deireanas ar nádúr agus ar mhéad an mhíchumais a bheith ar áireamh ann mar aon le sonraí an trealaimh is oiriúnaí don dalta. D'fhéadfadh measúnacht shíceolaíoch, tuairisc theiripeora ceirde, tuairisc fhisiteiripeora agus/nó tuairisc teanga/urlabhra a bheith i gceist ann.

Breithneofar iarratais ar threalamh ar bhonn na gcritéar seo a leanas:
Moladh ón ngairmí a mheasúnaigh an dalta go bhfuil teicneolaíocht chúnta riachtanach le haghaidh oideachas éifeachtach an dalta, agus an úsáid a bhainfear as an teicneolaíocht a bheith léirithe. (Ní leor measúnacht a thaispeánfadh go mbeadh an trealamh tairbhiúil, úsáideach nó go gcuirfeadh sé le feidhmíocht an dalta toisc go bhféadfadh sin a bheith fíor i gcás dalta ar bith.)

Seachas i gcás daltaí i gcatagóir A thuas, beidh ar scoileanna a thaispeáint go bhfuil iarracht leanúnach déanta acu chun riachtanais aitheanta an dalta a chomhlíonadh trí idirghabhálacha cuí m.sh. trí na scileanna riachtanacha a mhúineadh, socruithe cuí a chur i bhfeidhm (mar a thaispeántar i bPlean Aonair Oideachais), lena n-áirítear úsáid a bheith bainte as soláthar reatha na scoile le haghaidh theicneolaíocht faisnéise.

Cruthúnas nó fianaise a bheith curtha ar fáil go mbeidh an trealamh molta de dhíth ar an dalta i gcaitheamh an lae scoile. (Mar shampla, d'fhéadfadh ríomhaire a bheith ag teastáil ó dhalta ar feadh tréimhse ghearr gach lá scoile - ba cheart riachtanas mar sin a chomhlíonadh as na hacmhainní TF atá ar fáil sa scoil cheana féin.

É a bheith soiléir nach leor an trealamh atá sa scoil cheana féin chun riachtanais an dalta a chomhlíonadh gan teacht ar an trealamh sin a dhiúltú go míréasúnta ar dhaltaí eile.

**9. An nós imeachta iarratais**

Nuair a fhaigheann SENO iarratas ó scoil, scrúdófar an t-iarratas i bhfianaise riachtanais an dalta, áiseanna na scoile agus na gcritéar atá leagtha amach sa chiorclán seo. Ag deireadh an phróisis sin cinnfidh an SENO cibé ar cheart moladh a dhéanamh don Roinn Oideachais & Scileanna cabhair deontais a chur ar fáil don scoil.

Nuair a fhaightear an t-iarratas agus an moladh ón SENO, cuirfidh an Roinn Oideachais & Scileanna in iúl don scoil méid an deontais atá formheasta.

**Caithfidh scoileanna feitheamh ar fhormheas na Roinne chun trealamh a cheannach.**

Ba cheart trealamh a cheannach, i gcoitinne, laistigh de thrí mhí ón uair a fhaightear formheas na Roinne.

Tar éis an cheannaigh, ba cheart sonraisc admhaithe a chur ar aghaidh mar aon le héilimh ar íocaíocht, agus ba cheart cóipeanna a choimeád i gcuntas na scoile.

**10 An nós chun athchistiú a éileamh maidir le trealamh a ceannaíodh nó a deisíodh.**

Scoileanna a fhaigheann litir formheasta chun trealamh a cheannach nó a *dheisiú, féadfaidh siad dul ar aghaidh agus an trealamh a cheannach nó a dheisiú agus ansin an fhoirm éilimh atá ceangailte den chiorclán seo ag Aguisín 1/Aguisín 2 a chomhlánú.

Ba cheart foirmeacha comhlánaithe a chur ar aghaidh chuig:

I gcás bunscoileanna agus scoileanna speisialta: An Rannóg Oideachais Speisialta, ROS, Cor na Madadh, Baile Átha Luain
I gcás iar-bhunscoileanna: Rannóg Airgeadais na Scoileanna, ROS, Cor na Madadh, Baile Átha Luain

* Is é €20 an méid is lú a cheadófar le haghaidh deisiúcháin; ní ceadmhach praghas ceannaigh tosaigh an trealaimh a shárú.

**11. Foirmeacha comhlánaithe a chur ar ais**

Iarrtar ort iarratais chomhlánaithe a chur ar aghaidh chuig an SENO atá bainteach leis an scoil. Gheofar sonraí teagmhála an SENO ar bhonn réigiúnach nó contae ar an suíomh Gréasáin www.ncse.ie

**12. Achomharc in aghaidh cinnidh gan trealamh a dheonú**

Is féidir achomharc a dhéanamh in aghaidh diúltú deontas teicneolaíochta a bhronnadh ar scoil ar na forais nár chomhlíon an scoil na critéir atá leagtha amach sa chiorclán seo, nó in aghaidh chinneadh na Roinne gan trealamh a mhol SENO an NCSE a cheadú, nó gan ach cuid den mholadh a cheadú, nó chun cineál trealaimh eile a cheadú seachas an cineál a moladh sa tuairisc ghairmiúil, agus ba cheart an t-achomharc sin a sheoladh chuig:

Bunscoileanna agus Scoileanna Speisialta - An tArdoifigeach Feidhmiucháin, (Teicneolaíocht Chúnta) Rannóg an Oideachais Speisialta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Baile Átha Luain.

Iarbhunscoileanna - An tArdoifigeach Feidhmiúcháin (Teicneolaíocht Chúnta), Rannóg Airgeadais na Scoileanna, ROS, Cor na Madadh, Baile Átha Luain.

I gcás easpa soiléire mar gheall ar oiriúnacht nó riachtanas an trealaimh a ndearnadh iarratas ar a shon, féadfaidh an Roinn comhairle a lorg ón Lárionad Náisiúnta do Theicneolaíocht san Oideachas, ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS), ón tSeirbhís Tacaíochta Oideachais Speisialta nó ó Rannán Cigireachta na Roinne (féach Alt 15).

**13. Freagracht as trealamh**

Faoi réir fhorálacha Alt 14 den Imlitir seo maidir le haistriú trealaimh idir scoileanna, beidh an trealamh ina mhaoin de chuid na scoile i gcónaí.

Beidh údarás bainistíochta na scoile freagrach as cothabháil, deisiú, árachas srl. an trealaimh. Cinnteoidh an t-údarás bainistíochta go gcoimeádfar an trealamh go sábháilte agus go láimhseofar é go cúramach. B
a cheart do mhúinteoir ainmnithe sa scoil freagracht a ghlacadh as bainistíocht an trealaimh agus as monatóireacht a dhéanamh le cinntiú go bhfuil sé á úsáid go héifeachtach sa scoil. Ba cheart trealamh ceannaithe a choimeád sa scoil de ghnáth. D'fhéadfadh an dalta i dtrácht, áfach, le cead an údaráis bhainistíochta, an trealamh a úsáid sa bhaile.

Cé go gceadófar an trealamh le haghaidh dalta ar leith, beidh an trealamh mar chuid de mhaoin na scoile agus beidh sé ar fáil le leithdháileadh dá éis ar dhaltaí eile atá faoi mhíchumas den chineál céanna. I gcás nach bhfuil gá ag an scoil níos mó leis an trealamh nó ina n-aistríonn an dalta go dtí scoil eile, féadfaidh an SENO é a leithdháileadh ar scoil eile ar mhaithe le riachtanais a chomhlíonadh a mhéid is féidir.

**14. Aistriú trealaimh**

Cé go gceadófar an trealamh le haghaidh dalta ar leith, beidh an trealamh mar chuid de mhaoin na scoile agus beidh sé ar fáil le leithdháileadh ar dhaltaí eile dá éis atá faoi mhíchumas den chineál céanna.

D'fhéadfadh cuid den trealamh a cheadófaí a bheith de chineál speisialaithe nó aonair, áfach, ionas nach mbeadh sé oiriúnach do dhaltaí eile sa scoil. I gcásanna mar sin, ní bheadh sé ciallmhar trealamh mar sin a choimeád i scoil i gcás ina n-aistreodh an dalta dár ceadaíodh é go dtí scoil eile agus inar ghá trealamh den chineál céanna a cheadú sa scoil nua, ar chostas nach beag.

I gcás ina n-aistríonn an dalta dá gceadaítear an teicneolaíocht go scoil eile, lena n-áirítear dul ó bhunscoil go hiar-bhunscoil, ba cheart don scoil nua nó an scoil inar ceadaíodh an trealamh dul i gcomhairle leis an SENO/Múinteoir Cuartaíochta maidir le haistriú an trealaimh i dteannta an dalta i gcás ina meastar go bhfuil sé oiriúnach chun riachtanais mheasúnaithe an dalta a chomhlíonadh.

Cinnteoidh sin nach mbeidh aon bhearna sa tacaíocht don dalta agus gur féidir leis an dalta leanúint de na hacmhainní oiriúnacha aithnidiúla a úsáid sa suíomh nua.

D'fhéadfaí smaoineamh ar an teicneolaíocht a choimeád i gcás ina bhfuil an teicneolaíocht imithe as dáta, nó nach n-oireann sé níos mó do riachtanais an dalta atá ag aistriú nó má tá dalta tar éis clárú/ag clárú a mbeadh an scoil ag déanamh iarratais ina leith chuig an SENO ar son na teicneolaíochta céanna.

I gcás nach bhfuil gá ag an scoil nó ag an dalta níos mó leis an trealamh, féadfaidh an SENO nó an múinteoir cuartaíochta i gcomhar leis an SENO é a leithdháileadh ar scoil eile ar mhaithe le riachtanais a chomhlíonadh a mhéid is féidir.

**15. Tacaíocht do scoileanna**

Is féidir leis na heagraíochtaí seo a leanas tacaíocht agus treoir a sholáthar do scoileanna maidir leis an tslí le trealamh speisialtóra a úsáid nó a sholáthar sna scoileanna. Féadfaidh an Roinn comhairle a iarraidh ar aon cheann de na heagraíochtaí seo agus iarratais ar thacaíocht á mbreithniú.

**(i) An Lárionad Náisiúnta um Theicneolaíocht san Oideachas (NCTE)**
Tríd a thionscnamh Riachtanais Speisialta Oideachais agus an Tionscnamh Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (SEN & ICT) soláthraíonn an NCTE tacaíocht do riachtanais scoileanna. Cuirtear tacaíocht ar fáil i bhfoirm foilseacháin, léirithe agus grúpaí tacaíochta.

Cuirtear tacaíocht shuntasach ar fáil ar roinn riachtanais speisialta oideachais (SEN) shuíomh Gréasáin an NCTE ( **http://www.ncte.ie/SpecialNeedsICT/** ) ar a sholáthraítear raon leathan comhairle chomh maith le heolas ar oiliúint a bheadh mar chuid d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí i réimse an SEN. Soláthraíonn rannóg na múinteoirí ar shuíomh Gréasáin Scoilnet ( **http://www.scoilnet.ie** ) fócas d'inneachar agus do naisc ar ábhar spéise ar leith iad do mhúinteoirí a bhfuil daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu á múineadh acu. Cabhraíonn an NCTE chun bogearraí oiriúnacha/inneachar digiteach oiriúnach a aithint chomh maith le hinneachar breise digiteach a tháirgeadh mar chomhlánú ar churaclam na scoileanna.

Ar a shuíomh Gréasáin Software Central (Bogearraí Lárnacha) ( **http://www.softwarecentral.ie/**) soláthraítear measúnachtaí ar bhogearraí agus faisnéis agus comhairle atá úsáideach do mhúinteoirí. Is féidir eolas a fháil ar thionscnaimh SEN agus TFC an NCTE ar a shuíomh Gréasáin. Is iomaí tionscadal nuálach atá ceaptha faoi na tionscnaimh sin agus táthar i gcónaí ag lorg bealaí eile chun an TFC a úsáid chun cabhrú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

**(ii) An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)**

Oibríonn an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) le pobail scoile chun freastal ar riachtanais pearsanta, sóisialta agus oideachais na ndaltaí uile, ag féachaint go háirithe do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Cuireann NEPS raon seirbhísí ar fáil, lena n-áirítear comhairliú agus measúnú chun tacú le daltaí aonair nó le grúpaí daltaí. Bíonn síceolaithe páirteach, leis, in obair choisctheach a fhéachann le soláthar ar leibhéal na scoile uile a fheabhsú. Tá Ceannoifig NEPS suite i gCúirt Freidric, 24/27 Sráid Freidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1 (Teil: 01 8892700) agus oibríonn sé ó ghréasán d'oifigí réigiúnacha agus áitiúla (féach www.education.ie).

Déanann an **tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta,** atá suite i gCorcaigh, forbairt agus tacaíocht ghairmiúil a sholáthar do phearsanra scoile a oibríonn i suíomhanna éagsúla oideachais le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Sonraí sonraí na seirbhíse ar a suíomh Gréasáin www.sess.ie

**(iv)** Bunaíodh **an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE)** chun cur leis an tslí ina soláthraítear seirbhísí oideachais do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu de bharr cineálacha míchumais, le béim ar leith ar leanaí. Tá oifigí an NCSE bunaithe ag 1-2 Sráid an Mhuilinn, Béal Átha Troime, Co. na Mí; Teileafón: 046 9486400; Facs: (046) 9486404. Gheofar sonraí teagmhála an SENO atá ceangailte le do scoilse ag www.ncse.ie

**(v)** Is í an Roinn Oideachais & Scileanna a sholáthraíonn an **tSeirbhís Múinteora Cuartaíochta** le haghaidh leanaí agus daoine óga a bhfuil lagú céadfach orthu, ó uair an tarchuir go dtí céim an oideachais thríú leibhéal. Gheofar sonraí teagmhála na seirbhíse múinteora cuartaíochta ar shuíomh Gréasáin na Roinne: www.education.ie/en/Parents/Services/Visiting-Teacher-Service

Jim Mulkerrins
An Rannóg Oideachais Speisialta

Feabhra, 2013

## Aguisín 1

# Iarratas ar aisíocaíocht tar éis trealamh formheasta a cheannach

Ainm na scoile: ________________________________

Uimhir Rolla: ______________________ R-phost scoile: ______________________________

Ainm an dalta: __________________________________ Uimhir PSP: __________________________________

Litir formheasa: ______________________ (tabhair dáta na litreach formheasa)

| | **Mír** | **Déanamh & Samhailuimhir** | **Ainm & Seoladh an tSoláthraí** | **Costas (CBL ar áireamh) €** | **An bhfuil trí luachan ar fáil le scrúdú?** |
|---|---|---|---|---|---|
| 1. | | | | | |
| 2. | | | | | |
| 3. | | | | | |
| 4. | | | | | |
| | | | **IOMLÁN** | | |

**Iarrtar ort na doiciméid seo a leanas a chur ar aghaidh leis an bhfoirm éilimh:**

1. Cóip den litir formheasa a eisíodh do do scoil maidir leis an trealamh seo.
2. Sonraisc iomlána bhunaidh ón gcuideachta/ó na cuideachtaí ina sonraítear an trealamh a ceannaíodh. Ní ghlacfar le héilimh ar pháirt-íocaíocht maidir le trealamh a ceannaíodh.

**Dearbhú:**

Is mian liom aisíocaíocht costais a éileamh maidir le trealamh formheasta a ceannaíodh agus deimhním gur trealamh formheasta é agus go bhfuil sé in úsáid de réir théarmaí Chiorclán 0010/2013.

Síniú an Phríomhoide / CEO ______________________________ Dáta __________________

## Treoirlínte ar Nósanna Imeachta Ceannaigh

*Ní mór gach ceannach a dhéantar le cistiú poiblí cloí le nósanna imeachta diana.*

### Baineann na nósanna imeachta thíos le crua-earraí, bogearraí agus seirbhísí TF.

Ba cheart glacadh leis an bpraghas is ísle ag féachaint do luach ar airgead agus seirbhís iardhíola.

# 1. Riachtanas le haghaidh Luachan Scríofa

- *Ní mór trí luachan scríofa* a fháil sula gcaitear os cionn €635 le soláthraí aonair.
- Ní mór gach luachan a bheith dátaithe agus sínithe thar ceann an tsoláthraí.
- Ní ceadmhach luachan a lorg maidir le haon samhail nó branda ar leith trealaimh – ba cheart sonraíochtaí cineálacha a úsáid agus trealamh á fhoinsiú ó sholáthraithe.
- I gcásanna eisceachtúla d'fhéadfadh sé nach mbeadh earraí agus seirbhísí ar fáil ach ó sholáthraí amhain. I gcás mar sin ní mór míniú iomlán a thaifeadadh, lena n-áirítear ráiteas scríofa ón soláthraí ag taispeáint a stádas mar sholáthraí aonair.

2. **Deimhniú Imréitigh Cánach** (i gcás soláthraí earraí nó seirbhísí is mó ná €10,000.00 a luach in aon tréimhse dhá mhí dhéag)

- Ní mór deimhniú imréitigh cánach (C2) a fháil ó aon soláthraí aonair a sholáthraíonn in aon tréimhse dhá mhí dhéag trealamh nó seirbhísí a bhfuil luacháil os cionn €10,000 orthu.

**Nóta: Ba cheart cumhdach árachais a bheith faighte sula ndéantar an trealamh a sheachadadh.**

---

TÁBHACHTACH: Cinntigh le do thoil go gcloítear leis na treoirlínte thuas agus cistiú poiblí á chaitheamh. Ba cheart cinntí agus na cúiseanna leo a thaifeafadh go cúramach agus aon doiciméad tacaíochta a chomhdú. Mar is eol duit, ní mor taifid chaiteachais lena n-áirítear sonraíochtaí trealaimh, luachana praghais, cinntí ceannaigh agus sonraisc, a choimeád ar eagla iniúchta.

## Aguisín 2

### Iarratas ar aisíocaíocht tar éis trealamh formheasta a dheisiú

Ainm na Scoile:________________________________ Uimhir rolla:_____________ Seoladh r-phoist:____________________

Ainm an dalta _________________________________ UPSP:______________

| **Mír** | **Déanamh & Samhailuimhir** | **Ainm & seoladh na cuideachta deisiúcháin** | ***Costas (CBL ar áireamh) €** |
|---|---|---|---|
| | | | |

** Is é €20 an méid is lú a cheadófar le haghaidh deisiúcháin; ní ceadmhach praghas ceannaigh tosaigh an trealaimh a shárú.*

**Nóta:** Ba cheart sonraisc iomlána ón gcuideachta/ó na cuideachtaí deisiúcháin ag deimhniú gur íocadh iad as deisiú an trealaimh a chur ar aghaidh in éineacht leis an bhfoirm éilimh seo.

**Dearbhú ón SENO / Múinteoirí Cuartaíochta:**

Deimhnítear leis seo gur deisiú eacnamúil agus deisiú riachtanach a bhí sa deisiú a rinneadh ar an trealamh thuas.

Sínithe: __________________________ Dáta: ____________________

Priontáil an tAinm:_____________________________________ ________________________________

Uimhir theagmhála: ___________________________

Teideal: SENO / Múinteoir cuartaíochta (Ciorclaigh an ceann ceart)

**Dearbhú an Phríomhoide / POF:**

Is mian liom aisíocaíocht costas a éileamh i dtaca le trealamh a deisíodh, mar a shonraítear thuas, agus deimhním gur deisíodh an trealamh agus go bhfuil sé in úsáid de réir théarmaí Chiorclán 0010/2013.

Síniú an Phríomhoide / POF ______________________________ Dáta __________________

**Úsáid inmheánach:**

Costas an deisiúcháin á fhormheas ag an Rannóg Oideachais Speisialta: ____________________________ Dáta: _____________

An t-iarratas ar íocaíocht formheasta ag an Rannóg Oideachais Speisialta: ____________________________ Dáta: _____________

An íocaíocht próiseáilte ag an SNTG: ____________________________ Dáta: _____________

An íocaíocht formheasta ag an SNTG: : ____________________________ Dáta: _____________